

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Gealltanais sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta

- Tuarascáil Feidhmíochta Bhliantúil a éileamh chun cloí le caighdeáin an rialachais SMART.
- An próiseas um Athbhreithniú Meastóireachta a uasghrádú ó thaobh cáilíochta agus clúdaigh araon ionas go mbeidh gach clár faoi réir athbhreithniú neamhspleách i dtéarma caighdeánach Dála.
- Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt laistigh de thréimhse shainithe ama leis na gníomhairí lárnacha seachadta laistigh de gach Roinn chun go mbeidh níos mó tionscnamh déabhlóidithe agus freagracht ann.
- Tógáil ar na hathchóirithe Saoráil Faisnéise agus bheith tiomanta do bhreis athruithe agus do chóras níos oscailte Saoráil Faisnéise.
- Tá athchóiriú ar an bpróiseas Buiséid ceangailte leis na próisis a bhaineann le Pleananna Gníomhaíochta a fhorbairt agus le maoirseacht fheabhsaithe ar fheidhmíocht Roinne.
- Gné lárnach de sin is ea Oifig Buiséid laistigh den Oireachtas a bheidh neamhspleách agus a mbeidh na hacmhainní go léir aici, ar oifig í a bheidh ar fáil do na comhaltaí go léir.
- Athchóiriú lárnach é sin chun go mbeadh feidhmiú an rialtais níos éifeachtaí agus níos follasaí, thabharfadh sé ról níos mó don Dáil i bhforbairt na mBuiséad agus bheadh deis níos fearr ag na Teachtaí chun athruithe substainteacha a mholadh.

D'fhéadfadh an tsraith seo a leanas de ghníomhaíochtaí agus d'aschuir a bheith i gceist leis sin:

Breithniúchán Réamhbhuiséid

- Leagann Ráiteas an Earraigh amach na paraiméadair don méid is féidir a dhéanamh (Aibreán)
- Cur i láthair na dTuarascálacha ar Straitéis Cánach (Iúil/Lúnasa)
- Cur i láthair an dréacht-leithdháilte caiteachais ag an Rialtas (Meán Fómhair)
- Tionscnaimh nua a scaradh amach lena gcostas réamh-mheasta agus a dtionchar réamh-mheasta thar thréimhse 3 bliana (Deireadh Fómhair)
- Scóip do leasú neodrach ar chostas laistigh de gach réimse meastacháin (Deireadh Fómhair)

Scrúdan Níos Fearr ar Mheastacháin Athbhreithnithe

- Ráitis mheastacháin a fheabhsú trí Thuarascáil a chur ar fáil ina sonrúfaí leibhéal gníomhaíochta agus torthaí ó na cláir chaiteachais (Feabhra)
- “Caiteachais Chánacha” a áireamh sa scrúdan mar aon leis an leibhéal gníomhaíochta agus na costais (Feabhra)
- Bheadh riachtanas “comhlíon nó mínigh” i gceist i dtaca le moltaí ón Athbhreithniú ar Chaiteachas (Márta/Meitheamh)

Measúnacht Níos Fearr ar Chláir

- Caithfear Athbhreithnithe ar Chaiteachas a dhéanamh ar bhunús níos cuimsithí ná mar a tharlaíonn faoi láthair (Leanúnach)
- Caithfidh an ról atá ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa phróiseas seo a bheith soiléir agus tuigte (Leanúnach)
- Ba chóir don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ról a imirt i ndea-chleachtas a aithint, i ndea-rialachas corparáideach a chur chun cinn agus i mainneachtainí a aithint (Leanúnach)
- Ba chóir spreagadh a thabhairt nuair is cuí do ghlaonna iomaíocha chun an nuálaíocht a spreagadh (Leanúnach)

Acmhainní a Fháil don Phróiseas

- Oifig Buiséid Oireachtais a bhunú mar aon le Coiste nua Dála um Buiséad agus Airgeadas (Leanúnach)
- Lena chois sin, forbróimid an próiseas díonta buiséad agus beartas mar bhealach chun comhionannas a chur chun cinn, bochtaineacht a laghdú agus neartú a dhéanamh ar chearta geilleagracha agus sóisialta.
- Cinnteoidimid go mbeidh na socrúcháin institiúideacha i bhfeidhm chun tacú leis an díonadh ar chomhionannas agus inscne san oifig neamhspleách fhioscach agus buiséid agus laistigh de na ranna lárnacha rialtais agus chun úsáid a bhaint as an saineolas ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus um Chomhionannas (IHREC) chun tacú leis an bpróiseas díonta. Do Bhuiséad 2017, beidh sé de dhualgas ar an gCoiste um Buiséid agus Airgeadas breathnú ar an díonadh inscne agus comhionannais ar aighneachtaí agus tograí buiséid i gcomhar le saineolas neamhspleách (IHREC san áireamh) chun cabhair a fháil nuair is gá.
- Chun díriú ar riachtanais nach bhfuil réitithe, tabharfaimid isteach buiséid ina mbeidh scoilt 2:1 ar a laghad idir caiteachas poiblí agus laghduithe cánach. Ar an dóigh sin, beidh an Rialtas – ag teacht leis na tuartha reatha fáis agus ag cloí leis na rialacha fioscacha - ag obair i gcomhar leis an Oireachtas chun €6.75 billiún sa bhreis ar a laghad a chaitheamh chun seirbhísí poiblí a sholáthar faoi 2021, i gcomparáid le 2016, agus clúdófar:
 - Na costais a bhaineann le daonra atá ag dul in aois agus ag méadú.
 - Feabhsúcháin shaindirithe sna seirbhísí poiblí, agus fócas ar leith ar shláinte, oideachas agus míchumas, mar aon le forbairt agus cúram leanaí.
 - Feabhsúcháin shaindirithe ar íocaíochtaí leasa do dhaoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine breoite agus cúramóirí i measc dreamanna eile.
 - Arduithe inbhuanaithe ar phá agus ar phinsin sa tseirbhís phoiblí.
- Cuirfimid Comhaontú Bhóthar Lansdúin i bhfeidhm go hiomlán faoi réir na n-amlínte a aontaíodh agus aithneoidimid go gcaithfear díriú ar na cúinsí earcaíochta sa tseirbhís phoiblí mar chuid den Chomhaontú sin.
- Bunóimid Coimisiún um Pá sa tSeirbhís Phoiblí chun scrúdú a dhéanamh ar leibhéil phá ar fud na seirbhíse poiblí, leibhéil phá iontrála san áireamh.

- Tacóimid le haisghairm chéimneach idirbheartaithe na nAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, agus aird chuí á tabhairt ar an tosaíocht go bhfeabhsófaí seirbhísí poiblí agus aitheantas á thabhairt don ról riachtanach atá ag fostaithe sa tseirbhís phoiblí.
- Ag oibriú i gcomhar leis an Oireachtas aisiompóimid na lagduithe ar phinsin seirbhíse poiblí a tugadh isteach le linn na géarchéime faoi 2021, ag tabhairt tús áite sna chéad bhlianta dóibh sin atá ag fáil pinsin ísle.
- Chun cuidiú leis an dúshlán sin a réiteach, cosnóimid an plean infheistíochta chaipitil reatha de €42 billiún a d'fhoilsigh an Rialtas deireanach a d'fhág oifig don tréimhse 2016-21, ar a n-áirítear an plean €5.5 billiún a leag Uisce Éireann amach chun uasghrádú a dhéanamh ar an mbonneagar náisiúnta uisce atá trochlaithe. Lena chois sin, cuirfimid caipiteal breise ar fáil as an státchiste, más gá, chun cloí lenár dtiomantas do leathanbhanda na chéad ghlúine eile a thabhairt chuig gach teach agus gnó sa tír faoi 2020.
- Beimid ag iarraidh úsáid a bhaint as cistiú caipitil agus reatha an Rialtais mar aon le tacaíochtaí cánach agus rialála chun infheistíocht bhreise phríobháideach a ghíaráil in earnálacha atá ag streachailt le heasnaimh mhóra bhonneagair, ar a n-áirítear cúram cónaithe, tithíocht, iompar réigiúnach agus oideachas tríú leibhéal.
- Bainfidh an Rialtas nua tairbhe as an athshainiú atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach ar an gcothromaíocht struchtúrtha d'Éirinn ó 0% de GDP go dtí -0.5% de GDP, agus as an gcóireáil fhabhrach atá ar infheistíocht chaipitil faoi na rialacha fíoscacha, chun cead Oireachtais a mholadh do €4 billiún carnach breise in infheistíocht chaipitil ón státchiste suas go dtí 2021.
- Tar éis an athbhreithnithe lár téarma ar an bPlean Caipitil a bhfuiltear ag súil leis i lár 2017, ardóimid an infheistíocht chaipitil in iompar, leathanbhanda, oideachas, sláinte agus cosaintí in aghaidh tuilte.
- Aithnímid go bhfuil an buiséad caipitil do bhóithre áitiúla agus réigiúnacha ag teacht chuige féin go fóill tar éis na tubaiste eacnamaíche agus ardóidh an Rialtas Comhpháirtíochta Nua an buiséad sin faoi thart ar 50% sna blianta amach romhainn de réir mar a dheisítear na cistí náisiúnta airgeadais.
- Déanfaimid éascaíocht ar chruinnithe ráithe de Ghrúpa Comhairleach na SMEnna, faoi chathaoirleacht an Aire Stáit sa Roinn Airgeadais / Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ionas go gcloisfidh an Rialtas agus an Oifig um Sholáthar Rialtais tuairimí na SMEnna Éireannacha.
- Déanfaimid coimisiúnú ar athbhreithniú seachtrach ar shamhail TAS (an tSeirbhís Chomhairleach Tairiscintí) faoi 2017.
- Leanfaimid ag déanamh forbartha ar bhearta chun tacú le SMEnna ina rochtain ar mhargadh an tsoláthair phoiblí.
- Déanfar comhairliúchán faoi na tairbhí a bhaineann le hOmbudsman Soláthair a bhunú.

- Déanfar athscagadh ar na struchtúir nua soláthair atá i bhfeidhm, amhail OGP, de réir mar a shocraíonn siad síos agus déanfar coigeartuithe faoi réir na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus i gcomhar le gnóthaí Éireannacha.
- Chun aistrithe a dhíriú ar thacaíochtaí níos luaithe cuirfimid Aonad Coisc agus Luath-Idirghabhála ar bun sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe/Airgeadais sna chéad 100 lá. Díreoidh sé ar pholasaithe luath-idirghabhála ar féidir leo feabhas a chur ar thorthaí saoil do leanaí go háirithe agus ar cháilíocht beatha daoine níos sine a bhíonn ag déileáil le riochtaí fadtéarmacha mar thinneas ainsealach. Réiteoidh an tAonad tuarascáil bhliantúil, chomh maith, ag cur síos ar chéatadán bhuiséad na roinne atá tiomanta do luath-idirghabháil agus pleanáil fhadtéarmach ar shaincheisteanna sóisialta, agus ag moladh athruithe. Déanfaidh sé maoirsiú agus monatóireacht ar thionchar roinnt de na cláir nua agus déanfaidh sé tuairisciú go rialta leis an gCoiste Oireachtais ábhartha.
- Ó thaobh cúrsaí lacáiste di, tá príomhról ag Bord na Móna i leith tuillte a chosc, in abhantrach na Sionainne go mór mór.
- Cuirfimid €430 milliún ar fáil mar chuid den Phlean Caipitil, do thionscnaimh maolaithe tuillte chun ceantair atá faoi bhagairt ó riosca tuillte cósta agus abhann a chosaint. Ciallaítear leis an infheistíocht seo go gcaithfidh an Rialtas Comhpháirtíochta nua níos mó airgid ar fhaoiseamh tuillte sna cúig bliana amach romhainn ná mar a caitheadh le 20 bliain roimhe sin.
- Déanfaidh an clár Bainistíochta Riosca i gcás Tuillte nua a thabharfar isteach i gcomhar le OPW, plean oibreacha fadtréimhseach a chur i bhfeidhm chun an riosca i gcás tuillte ar fud na tíre a ainmniú agus a mhaolú go rianúil, ag soláthar plean réamhghníomhach do cheantar atá i mbaol riosca tuillte.
- Tá plean oibre foilsithe ag an ngrúpa nua seo, ina n-áirítear na gníomhaireachtaí iomchuí ar fad, a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i bhfeidhm pleananna bainistíochta tuillte chun freagairt do na 66 cheantar le taobh na Sionainne atá i mbaol tuillte.
- Bunóimid córas réamhaisnéise náisiúnta tuile chun eolas áitiúil, rialta agus sonrach a chur ar fáil i dtaobh réamhaisnéis tuile.
- Tabharfaimid isteach scéim athlonnaithe maoinne dheonach d'áitribh, ina n-áireofar gnóthaí atá faoi thionchar ath-thuille, a bheidh bunaithe ar scéim 2009 dá samhail.
- Déanfaimid acmhainní a chur ar fáil do OPW, chun staidéir a choimisiúnú i leith córais Turleigh fhadhbacha aonair (atá i mbaol tuillte), sa chás go ndéanfaidh údarás áitiúil nó gníomhaireacht iomchuí eile Stáit iarratas ina leith sin.
- Glacfaimid lena chinntiú chomh maith go ndéanfar an coimisiúnú ar fad i leith seirbhísí daonna, sóisialta agus pobail i gcreat luachála sochaíoch (a bheidh dírithe ar an luach is fearr a bhaint amach don tsochaí).

- Déanfaimid foráil a thabhairt isteach ar dá réir a bheidh ar chuideachtaí tacsaithe ar mian leo tairiscint a dhéanamh ar chonarthaí soláthair Stáit a chinntiú go mbeidh fáil ag cathaoireacha rothaí ar 10% ar a laghad dá bhflít.
- Comhoibreoimid le Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann chun na tionscadail trasteorann atá in ann tairbhe a bhaint as maoiniú AE a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm trí chlár INTERREG agus PEACE.
- De dhroim mholtaí an Fhiosrúcháin Bhaincéireachta, féachfaimid le hathbhreithniú a dhéanamh ar chumhachtaí na gCoistí Oireachtais i leith fiosrúcháin a dhéanamh agus, bunaithe ar an athbhreithniú sin, déanfaimid breithniú ar cibé acu ba chóir nó nár chóir Reifreann Bunreachtúil a ghairm chun cumhachtaí na gCoistí a neartú.
- I mí na Samhna 2014, tugadh isteach córas nua i leith ceapachán chuig na boird stáit, inar áiríodh próiseas gearrliostaithe agus iarratais láraithe faoi chúram na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Le linn na chéad bhliana rinneadh os cionn 4,200 iarratas a chur isteach.

Faoin gcóras seo, i dtaca le ceapacháin bhoird, ní féidir le hairí ach iarrthóirí a chuaigh faoi ghrinnfhiosrúchán agus a bhí gearrliostaithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) a cheapadh. Iarrfar ar PAS féachaint d'éagsúlacht agus cothromaíocht, ina n-áireofar inscne, tíreolaíocht, etc.

Déanfaidh an Rialtas an córas seo a neartú trí bhonn reachtúil a thabhairt dó faoi dheireadh 2016.

- Chomh maith leis sin, déanfar an próiseas a leathnú chun a éileamh go ndéanfar grinnfhiosrúchán ar ainmnithe aireachta atá ag déanamh iarratas ar ról cathaoirleach boird agus go ndéanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a n-oiriúnacht don cheapachán a dhearbhu.
- Thairis sin, éileofar ar ainmnithe do chathaoirligh na mbord stáit, tar éis don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a n-oiriúnacht a dhearbhu, go ndéanfaidh an Coiste Oireachtais iomchuí a n-ainmniúchán a dhaingniú sula ndéanfaidh an Rialtas iad a cheapadh.
- Déanfar éifeachtacht oibríochtúil na socruithe nua a athbhreithniú tar éis 12 mhí.
- Thairis sin, mar chuid den leasú, déanfaimid soláthraithe seirbhíse túslíne a chumhachtú chun níos mó cinntí a dhéanamh, déanfaimid níos mó comhair le comhlachtaí seirbhíse poiblí agus idir an earnáil poiblí agus an earnáil phríobháideach a spreagadh agus déanfaimid nuálaíocht agus athruithe sa tseirbhís poiblí a chúiteamh.
- Déanfaimid athchóiriú ginearálta ar an earnáil poiblí chomh maith chun seirbhísí poiblí níos sorochtana a chinntiú.
- Déanfaimid iniúchadh chomh maith ar mar is féidir sainchúram an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an Choiste um Chuntais Phoiblí a leathnú chun caiteachas na n-údarás áitiúil a áireamh. Glacfaimid lena chinntiú go ndéanfaidh maoiniú, struchtúir agus freagrachtaí rialtais áitiúil an daonlathas áitiúil a neartú.

- Tugann comhairliúcháin phoiblí deis thábhachtach do dhaoine ionchur díreach a dhéanamh i leith cúrsaí a théann i gcion orthu agus ar a bpobail. Faoi láthair, níl aon sásra amháin ann trínar féidir le daoine teacht ar fhaisnéis i leith comhairliúcháin áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Déanfaimid tairseach a bhunú ar féidir teacht uirthi go furasta chun sonraí a thabhairt i leith comhairliúcháin phoiblí dá shórt ar fad.